# Iarratas arna dhéanamh ag Trádálaí Eachtrach nach bhfuil bunaithe in Éirinn ar fhaoiseamh ó Cháin Bhreisluacha (CBL) ar mhuirir i leith Seirbhísí arna soláthar dó ag Soláthraí Éireannach / Soláthraithe Éireannacha

## 1. Sonraí maidir leis an Trádálaí Eachtrach

Comhlánaigh an rannán seo i mBLOCLITREACHA. Léigh na nótaí ar leathanach 2.

Ainm: ____________________

Seoladh: ____________________

Seoladh Ríomhphoist: __________ Uimhir ghutháin: __________

Cineál Gnó: ____________________

Cén áit a bhfuil tú bunaithe? (Cuir tic sa bhosca ☑ cuí) Laistigh den AE ☐ Lasmuigh den AE ☐

Uimhir Thagartha Cánach: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Má tá tú bunaithe san AE, luaigh d'uimhir chlárúcháin CBL. Má tá tú bunaithe lasmuigh den AE, luaigh an uimhir thagartha cánach atá agat sa tír ina bhfuil tú bunaithe.

An é seo do **chéad** iarratas ar fhaoiseamh? (Cuir tic sa bhosca ☑ cuí) Is é ☐ Ní hé ☐

Murab é, luaigh d'uimhir aitheantais chustaiméara (má tá sí ar fáil) __________

Thugamar uimhir aitheantais chustaiméara duit tráth a ndearna tú do chéad iarratas ar fhaoiseamh.

## 2. Sonraí maidir le Soláthraí na Seirbhísí in Éirinn

Má tá níos mó ná aon soláthraí amháin ann, tabhair na sonraí seo a leanas maidir leis ar leathanach **ar leith**.

Ainm: ____________________

Seoladh:
(Eircode san áireamh) ____________________

Seoladh Ríomhphoist: __________ Uimhir ghutháin: __________

Uimhir chlárúcháin CBL: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Oifig Áitiúil Cánach: __________

Cineál na seirbhíse / seirbhísí le soláthar don Trádálaí Eachtrach arna lua i Rannán 1:

____________________

An soláthrófar an tseirbhís/na seirbhísí sin ar bhonn leanúnach? (Cuir tic sa bhosca ☑ cuí) Soláthrófar ☐ Ní sholáthrófar ☐

An bhfuil nó an mbeidh an soláthraí Éireannach ag coinneáil na n-earraí sa stoc in Éirinn thar ceann an Trádálaí Eachtraigh arna lua i Rannán 1 [seachas earraí atá á gcoinneáil sa stoc le coinsíniú ar aghaidh chun gnáthchustaiméirí, de réir Alt 23 den Act Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010]. Tá/Beidh ☐ Níl/ Ní bheidh ☐

## ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

1. Uimhir Aitheantais an Chustaiméara: __________
2. C/TS nó C/Reg riachtanach? Faighte ar: Tá ☐ Níl ☐
3. Dáta an C/TS: / /
4. Litir seolta: Freagra faighte: Bhí ☐ Ní raibh ☐ Faighte ar: / /
5. Cóip den léas riachtanach: Bhí ☐ Ní raibh ☐
6. Foirm 60B eisithe ar: / /
7. Tréimhse a mbeidh an ráta nialasach bailí lena linn Ó: / / Go dtí: / /

## 3. Dearbhú

Féadfar pionóis a ghearradh ar aon duine a dhéanann ráiteas bréagach chun críche faoiseamh ó CBL a fháil. Scrios an téacs i gcló **trom,** de réir mar is iomchuí, agus cuir do lámh leis an dearbhú thíos má tá tú sásta go bhfuil sé ceart agus cruinn.

**Is mian liom/le** ______ **(más cuideachta é an trádálaí eachtrach, cuir ainm na cuideachta isteach anseo)** iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh ó CBL ar mhuirir i leith seirbhísí arna soláthar **dom/di** laistigh d'Éirinn.

Dearbhaím -

(a) **nach soláthraím/nach soláthraíonn** ______ **(más cuideachta é an trádálaí eachtrach, cuir ainm na cuideachta isteach anseo)** earraí ná seirbhísí in Éirinn; (Ní hionann earraí a choinsíniú chun custaiméirí in Éirinn ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn agus soláthar laistigh d'Éirinn.)

(b) **nach bhfuil mé/nach bhfuil** ______ **(más cuideachta é an trádálaí eachtrach, cuir ainm na cuideachta isteach anseo)** bunaithe in Éirinn;

**(c) nach bhfuil mé/nach bhfuil** ______ **(más cuideachta é an trádálaí eachtrach, cuir ainm na cuideachta isteach anseo)** cláraithe in Éirinn agus nach n-éilítear **orm/ar an gcuideachta** clárú le haghaidh na Cánach Breisluacha in Éirinn. (Mura bhfuil tú cinnte cé acu an éilítear ort clárú le haghaidh na Cánach Breisluacha in Éirinn nó nach n-éilítear, déan teagmháil le Lároifig Clárúcháin na gCánacha, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, 9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, Éire. (Teil. +353 1 865 5000);

(d) nach n-úsáidfear na seirbhísí a sholáthróidh an soláthraí Éireannach arna lua i Rannán 2 **domsa/do** ______ **(más cuideachta é an trádálaí eachtrach, cuir ainm na cuideachta isteach anseo)** ach i dtaca leis an ngnólacht arna lua i Rannán 1 thuas; agus

(e) go bhfuil na sonraí uile ar an bhfoirm seo fíor agus ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh.

Síniú: ______ (Rúnaí) Dáta ___ / ___ / ___

Post sa chuideachta (más bainteach): ______

Más rud é go bhfuil tú ag cur do lámh leis seo thar ceann cuideachta, ní mór duit a bheith údaraithe do lámh a chur le cáipéisí thar ceann na Cuideachta.

---

**TÁBHACHTACH - Léigh na nótaí seo a leanas go cúramach sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach**

1. Sula gcuirfidh tú an fhoirm éilimh seo isteach, déan cinnte -
   - ➔ go bhfuil gach rannán comhlánaithe agat, an dearbhú i Rannán 3 san áireamh;
   - ➔ go bhfuil gach cáipéis tacaíochta iniata, i.e.
     - – Deimhniú Stádais Incháinithe atá bailí má tá tú bunaithe laistigh den AE. Féadtar an deimhniú seo a fháil ó d'údarás cánach féin, nó
     - – Deimhniú ó údarás oifigiúil na tíre ina bhfuil tú bunaithe má tá tú bunaithe lasmuigh den AE. Ba chóir ainm, seoladh agus stampa oifigiúil an údaráis oifigiúil, d'ainm, do sheoladh agus uimhir chlárúcháin do chuideachta, agus cineáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanann tú, a bheith luaithe ar an deimhniú seo, agus
   - ➔ cóip dhílis dheimhnithe den léas más rud é go bhfuil baint ag an ngnó a dhéanann tú leis an léasú.
2. Deirtear go bhfuil duine bunaithe i mBallstát:
   - ➔ má tá suíomh a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha lonnaithe sa Stát sin, nó
   - ➔ má tá bunaíocht bhuan aige sa Stát sin óna a ndéantar idirbhearta gnó, nó
   - ➔ mura bhfuil a leithéid de shuíomh ná de bhunaíocht ann, má tá a shainchónaí nó a ghnátháit chónaithe lonnaithe sa Stát sin.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

3. Ba chóir an fhoirm éilimh, i dteannta na gcáipéisí tacaíochta, a chur chuig:
   Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannóg an Ard-Bhailitheora, An Rannóg um Aisíocaíochtaí CBL Neamhchláraithe, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

   Teil: 01 738 3667
   Ríomhphost: unregvat@revenue.ie
4. Féadtar tuilleadh cóipeanna den fhoirm éilimh seo a fháil ón seoladh thuasluaite nó a íoslódáil ónár suíomh Idirlín (www.revenue.ie/ga/vat/index.aspx)

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar **www.revenue.ie.**